



Note: This electronic version was re-typed from the original in March, 2007

Do: Boird Bhainistíochta/Údaráis Scoileanna Dara Leibhéal

M20/96

OIDEACHAS CAIDRIMH AGUS GNÉASACHTA

1. CÚLRA

Leagann an Páipéar Bán ar Oideachas "Charting our Education Future" (Caibidil 13) amach ról na scoileanna i gcur chun cinn oideachais sóisialta, pearsanta agus sláinte na mac léinn. Ar na hidirghabhálacha dearfacha a luaitear tá:-

"the provision of a relationships and sexuality education programme beginning at the early stages of primary education and continued as appropriate to all levels of students, which would involve close co-operation with parents, support and complement the work of the home and in keeping with the ethos of the school."

In Eanáir 1995 eisíodh do gach scoil dara leibhéal Ciorclán M4/95 inar leagadh amach creatlach an chláir agus an bunsraith do tuilleadh forbartha amach anseo. Tar éis don Chiorclán a bheith eisithe, bunaíodh trí Mheitheal Oibre chun an obair ar na socrúithe chun Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) a thabhairt isteach insna scoileanna a éascú agus a thacú. Ba iad na trí Ghrúpaí sin:

- Grúpa Chur i bhFeidhm, ionadaitheach don Roinn Oideachais, don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (An Chomhairle) agus do na Comhpháirtithe Oideachais, a bunaíodh chun na tacaíthe riachtanacha do chur i bhfeidhm an OCG a shainaithint agus a fhorbairt, ina measc treoirlínte do chláir treanála. Thuairiscigh an Grúpa don Aire.
- Grúpa Idir-rannach, ionadaitheach do na Ranna Oideachais agus Sláinte, a bunaíodh chun tionscnaimh a bhí ann cheana, agus a chabhródh le forbairt bhreise an OCG, a shainaithint. Tá a chuid oibre críochnaithe ag an nGrúpa seo.
- Coiste Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta de chuid na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

2. CURACLAM AGUS TREOIRLÍNTE DO OCG

Tá curaclam agus treoirlínte eatramhacha forbraithe ag an gComhairle do OCG. Eisíodh dréacht-threoirlínte i Meitheamh 1995. Táthar tar éis na treoirlínte seo a athbhreithniú i bhfianaise na bhfreagairtí a fuarthas agus na dtuairimí a nochtadh ar an dréacht.

Scaipfear an curaclam eatramhach agus na treoirlínte athbhreithnithe ag na seimineáir eolais do Phríomhoidí agus Leas-Phríomhoidí – Féach Alt 4. Tar éis do na seimineáir eolais a bheith thart, scaipfear an curaclam eatramhach agus na treoirlínte ar gach scoil mar chuid de chur i bhfeidhm OCG insna scoileanna.

3. CUR I bhFEIDHM INSNA SCOILEANNA

Thug Ciorclán M4/95 le fios do scoileanna go mba ghá tosnú ar fhorbairt pholasaí scoile le súil go mbeadh OCG, agus gnéithe níos leithne ná sin de Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte ina gcuid dá gcuraclaim sa scoilbhliain 1995/96, mura raibh sé sin dá ndéanamh cheana féin.

Tá dul chun cinn maith déanta ag mórán scoileanna maidir le forbairt polasaithe agus OCG a chuimsiú ina gcuraclaim. Bíonn difríochtaí sa leibhéal dul chun cinn atá déanta maidir le cur i bhfeidhm na gclár de réir mar a bhíonn difríochtaí insna toscaí áitiúla. Tar éis do phróiseas cuí comhairleoireachta agus forbartha polasaí, ar a n-áirítear athbhreithniú, insna scoileanna ar leith tá sé ar intinn go mbeidh polasaí comhaontaithe scoile agus Clár oiriúnach OCG curtha ar bun ag gach scoil sa scoilbhliain 1996/97.

4. SEIMINEÁIR EOLAIS DO PHRÍOMHOIDÍ

Chun éascú le tabhairt isteach Oideachais Caidrimh agus Gnéasachta i scoileanna, tosnóidh seimineáir eolais do Phríomhoidí agus Leas-Phríomhoidí roimh dheireadh na scoilbhliana reatha. Tabharfaidh an tSeirbhís Tacaíochta Traenála, i gcomhar leis an nGréasán Lárionad Oideachais, sonraí do na scoileanna.

5. IONAD AN OCG SA CHURACLAM

Tá tosach déanta ag an gComhairle ar fhorbairt Chlár Oideachais Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) a chuimseoidh Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta amach anseo. Beidh eilimintí de dhea-chleachtas atá dá gcleachtadh cheana féin i mórán scoileanna dara leibhéal ina gcuid den chlár sin.

Ar theacht isteach don Chlár OSPS, a thógfaidh tréimhse amháin ranga in aghaidh na seachtaine, beidh an clár OCG ina eilimint de OSPS. Tá sé ar intinn go gcuirfear OCG i láthair i rith 6 thréimhse ranga in aghaidh na seachtaine. Braithfidh comhthéacs an chlár OCG ar pholasaí na scoile agus bainfidh cur chuige comhordaithe leis an gcur i láthair, leis na tréimhsí ranga croíláir agus leis an obair thras-churaclach araon.

6. TRAENÁIL AGUS TACÚ DON CHLÁR

Mar chuid den chlár traenála foriomlán a sholáthrófar sa scoilbhliain 1996/7 beidh:

- Traenáil do mhúinteoirí
- Eolas/traenáil do thuismitheoirí
- Cabhair le ceapadh polasaí na scoile.

Cuirfear sonraí ar an gclár traenála ar fáil do na scoileanna in am tráth.

Tá an tSeirbhís Tacaíochta Traenála suite sa Lárionad Oideachais, Droim Conrach, Baile Átha Cliath 9 agus oibríonn sé i gcomhar leis an nGréasán Lárionad Oideachais. Is í **Ms. Nora Brennan** an Comhordaitheoir. Is féidir dul i dteagmháil leis an Lárionad Oideachais, Droim Conrach ar an dteileafón ag (01)8367624 agus ar an bhFaics ag (01) 8571128.

7. CNUASACH EOLAIS AR CHLÁIR GHAOLMHARA

Tá ceistneoir dá hullmhú ag iarraidh eolais ar na cláir seo leanas go mb'fhéidir go bhfuil siad ar fáil i do scoil:

- An Clár chun Mí-úsáid Substaintí a Chosc,
- Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte agus
- Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta.

Teastaíonn an t-eolas seo chun cuidiú le pleanáil éifeachtach do Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte agus do Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta. Ba mhór againn do chomhoibriú dá gcomhlíonfá an cheistneoir a chuirfear chugat i gclúdach ar leith.

8. CÓIPEANNA DEN CHIORCLÁN

Tá tuilleadh cóipeanna den chiorclán iniata. Iarrtar ar údaráis scoileanna cóip den Chiorclán seo a chur ar fáil do ionadaithe na dtuismitheoirí agus na múinteoirí ar an mBord Bainistíochta, más ann dóibh, agus do ionadaithe an chumann tuismitheoirí/na Comhairle Náisiúnta Tuismitheoirí nó ionadaithe cú eile de na tuismitheoirí/múinteoirí le n-iad a chur ar aghaidh do thuismitheoirí agus múinteoirí ar leith.

Con Haugh,
Príomhoifigeach.
21 Bealtaine 1996.